# COINBHINSIÚN AG BUNÚ AN
# AIRMHEÁIN EORPAIGH UM RÉAMHAISNÉISÍ
# AIMSIRE MEÁNTRÉIMHSEACHA, ARNA LEASÚ

**GA**

TÁ na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún seo:

AG AITHINT DÓIBH gur ag éirí níos tábhachtaí atá contúirtí do bheatha agus sláinte, agus do gheilleagar agus maoin, ar contúirtí iad a bhaineann leis an aimsir;

ÓS DEIMHIN LEO go gcuireann an feabhas ar réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha le cosaint agus sábháilteacht an daonra;

ÓS DEIMHIN LEO INA THEANNTA SIN gur spreagadh luachmhar d'fhorbairt na meitéareolaíochta san Eoraip an taighde eolaíochta agus teicniúil a dhéantar chun na críche sin;

DE BHRÍ gur gá, chun an chríoch sin agus na cuspóirí sin a bhaint amach, acmhainní a bheith ar fáil ar scála is mó ná mar a bhíonn indéanta de ghnáth go náisiúnta;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an tábhacht do gheilleagar na hEorpa a bhaineann le feabhas suntasach ar réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH gurb é bunú Airmheáin Eorpaigh uathrialaigh, ag a bhfuil stádas idirnáisiúnta, an modh cuí chun an chríoch sin agus na cuspóirí sin a bhaint amach;

ÓS DEIMHIN LEO gur féidir leis an Airmheán cion luachmhar a dhéanamh ar mhaithe le forbairt ar an mbonn eolaíoch atá leis an bhfaireachán comhshaoil;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur féidir le hairmheán den sórt sin cúnamh a thabhairt in oiliúint iarollscoile eolaithe;

AG GEALLÚINT DÓIBH go ndéanfar, ina theannta sin, cion riachtanach le gníomhaíochtaí airmheáin den sórt sin i ndáil le cláir áirithe de chuid na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda (EMD) agus i ndáil le gníomhaireachtaí iomchuí eile;

DE BHRÍ a thábhachtaí a fhéadfaidh bunú airmheáin den sórt sin a bheith maidir le forbairt thionsclaíocht na hEorpa i réimse na próiseála sonraí;

Á THUISCINT DÓIBH an toil atá ann ballraíocht an Airmheáin a leathnú do líon is mó Stát;

tar éis comhaontú mar a leanas:

**Airteagal 1 – Bunú, Comhairle, Ballstáit, Ceanncheathrú, Teangacha**

1. Bunaítear leis seo Airmheán Eorpach um Réamhaisnéisí Aimsire Meántréimhseacha, dá ngairtear anseo ina dhiaidh seo “an tAirmheán”.

2. Is iad orgain an Airmheáin an Chomhairle agus an tArd-Stiúrthóir. Tabharfaidh Coiste Comhairleach Eolaíochta agus Coiste Airgeadais cúnamh don Chomhairle. Comhlíonfaidh gach organ agus gach coiste a chuid feidhmeanna laistigh de na teorainneacha agus de réir na gcoinníollacha arna leagan síos sa Choinbhinsiún seo.

3. Is iad baill an Airmheáin, dá ngairtear “Ballstáit” anseo ina dhiaidh seo, na Stáit is páirtithe sa Choinbhinsiún seo.

4. Beidh pearsantas dlíthiúil ag an Airmheán i gcríoch gach Ballstáit. Beidh an inniúlacht aige go háirithe conarthaí a dhéanamh, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil agus a dhiúscairt agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlí.

5. Is i Shinfield Park, gar do Reading (Berkshire) i gcríoch Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheidh ceanncheathrú an Airmheáin, ach amháin go gcinneann an Chomhairle a mhalairt de réir Airteagal 6(1)(g).

6. Is iad teangacha oifigiúla na mBallstát teangacha oifigiúla an Airmheáin.

   Is iad na teangacha oibre aige Béarla, Fraincis agus Gearmáinis.

   Is í an Chomhairle a chinnfidh a mhéid a úsáidfear na teangacha oifigiúla agus na teangacha oibre faoi seach de réir Airteagal 6(2)(l).

**Airteagal 2 – Na críocha, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí**

1. Is iad príomhchríocha an Airmheáin forbairt a dhéanamh ar chumas chun réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha a dhéanamh agus chun réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha a sholáthar do na Ballstáit

2. Is iad cuspóirí an Airmheáin:

   (a) samhlacha domhanda agus córais chomhshamhlaithe sonraí a fhorbairt, agus a oibriú ar bhonn rialta, i ndáil le dinimic, teirmidinimic agus comhdhéanamh chumhdach leachta na Cruinne agus codanna idirghníomhacha den Chruinnechóras, d'fhonn:

      i. réamhaisnéisí a ullmhú ar mhodhanna uimhriúla;

      ii. dálaí tosaigh a sholáthar le haghaidh na réamhaisnéisí; agus

      iii. cion a dhéanamh maidir le faireachán ar na codanna iomchuí den Chruinnechóras;

   (b) taighde eolaíoch agus teicniúil a dhéanamh a bheidh dírithe ar cháilíocht na réamhaisnéisí sin a fheabhsú;

   (c) sonraí cuí a bhailiú agus a stóráil;

   (d) na torthaí dá bhforáiltear in (a) agus (b) agus na sonraí dá dtagraítear in (c) a chur ar fáil do na Ballstáit, san fhoirm is cuí;

   (e) riar dóthanach dá acmhainn ríomhaireachta, ar riar é a chinnfidh an Chomhairle, a chur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh a gcuid taighde, agus tosaíocht á tabhairt do réimse na réamhaisnéisí aimsire uimhriúla;

   (f) cúnamh a thabhairt chun cláir de chuid na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda a chur i ngníomh;

   (g) cúnamh a thabhairt maidir le hardoiliúint d' fhoireann eolaíochta na mBallstát i réimse na réamhaisnéisí aimsire uimhriúla.

3. Déanfaidh an tAirmheán na suiteálacha a bhunú agus a oibriú is gá chun na críocha a mhínítear i mír 1 agus na cuspóirí a mhínítear i mír 2 a bhaint amach.

4. Mar riail ghinearálta, foilseoidh an tAirmheán, nó cuirfidh sé ar fáil ar shlí eile de réir na gcoinníollacha arna leagan síos ag an gComhairle, torthaí eolaíochta agus teicniúla a chuid gníomhaíochtaí, a mhéid nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin cumhdaithe le hAirteagal 15.

5. Féadfaidh an tAirmheán gníomhaíochtaí a sheoladh, arna niarraidh ag tríú páirtithe, atá de réir chríocha agus chuspóirí an Airmheáin agus atá arna gceadú ag an gComhairle de réir Airteagal 6(2)(g). Is é an tríú páirtí atá i gceist a íocfaidh costais na ngníomhaíochtaí sin.

6. Féadfaidh an tAirmheán Cláir Roghnacha a sheoladh de réir Airteagal 11(3).

**Airteagal 3 – Comhar le heintitis eile**

1. D'fhonn a chuid cuspóirí a bhaint amach, comhoibreoidh an tAirmheán, a mhéid is féidir agus de réir na nósmhaireachtaí meitéareolaíochta idirnáisiúnta, le Rialtais agus gníomhaireachtaí náisiúnta na mBallstát, le Stáit nach baill den Airmheán iad agus le heagraíochtaí rialtasacha nó eagraíochtaí neamhrialtasacha idirnáisiúnta eolaíochta agus teicniúla a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí lena chuid cuspóirí.

2. Féadfaidh an tAirmheán comhaontuithe comhair a chur i gcrích chuige sin:

   (a) le Stáit, de réir na gcoinníollacha arna leagan síos in Airteagal 6(1)(e) nó 6(3)(j),

   (b) le gníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla na mBallstát agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 1, de réir na gcoinníollacha arna leagan síos in Airteagal 6(3)(j),

   (c) le gníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla Stát nach Ballstáit faoi na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 6(1)(e).

3. Leis na comhaontuithe comhair dá dtagraítear i mír 2, féadfar acmhainn ríomhaireachta an Airmheáin a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí náisiúnta na mBallstát agus dóibh sin amháin.

**Airteagal 4 – An Chomhairle**

1. Beidh na cumhachtaí is gá ag an gComhairle, agus glacfaidh sí chuici na bearta is gá, chun an Coinbhinsiún seo a chur i ngníomh.

2. Beidh an Chomhairle comhdhéanta de líon nach mó ná dhá ionadaí ó gach ceann de na Ballstáit, agus beidh duine díobh sin ina ionadaí de chuid a sheirbhíse náisiúnta meitéareolaíochta. Féadfaidh comhairleoirí cúnamh a thabhairt do na hionadaithe sin ag cruinnithe den Chomhairle.

   Tabharfar cuireadh d'ionadaí de chuid na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda páirt a ghlacadh in obair na Comhairle mar bhreathnadóir.

3. Toghfaidh an Chomhairle as measc a chuid ball Uachtarán agus Leas-Uachtarán a cheapfar go ceann bliana agus nach féidir a atoghadh níos mó ná dhá uair as a chéile.

4. Cruinneoidh an Chomhairle faoi dhó ar a laghad in aghaidh na bliana. Déanfar í a chomóradh ar iarraidh ón Uachtarán nó ar iarraidh ó dhá thrian ar a laghad de na Ballstáit. Déanfar cruinnithe den Chomhairle a reachtáil i gceanncheathrú an Airmheáin ach amháin go gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt i gcásanna eisceachtúla.

5. Féadfaidh an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán cúnamh a iarraidh ar an Ard-Stiúrthóir i gcomhlíonadh a ndualgas.

6. Féadfaidh an Chomhairle coistí comhairleacha a bhunú agus cinnfidh sí comhdhéanamh agus dualgais na gcoistí sin.

**Airteagal 5 – Vótáil sa Chomhairle**

1. Is gá ionadaithe thromlach na mBallstát atá i dteideal vótáil a bheith i láthair chun go mbeidh córam ag cruinnithe den Chomhairle.

2. Beidh aon vóta amháin sa Chomhairle ag gach Ballstát. Caillfidh Ballstát a cheart vótála sa Chomhairle más mó méid a chuid ranníocaí neamhíoctha ná méid na ranníocaí atá dlite de, faoi Airteagal 13, don bhliain airgeadais reatha agus don bhliain airgeadais roimhe sin. Ina ainneoin sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(3)(l), a údarú don Bhallstát vótáil.

3. Idir cruinnithe den Chomhairle, féadfaidh an Chomhairle aon ní práinneach a chur de láimh le vótáil phoist. I gcásanna den sórt sin, is córam iad tromlach na mBallstát atá i dteideal vótáil.

4. Chun aontoilíocht agus na tromlaigh éagsúla dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún seo agus, i gcásanna go bhfeidhmíonn an Chomhairle de réir an nóis imeachta a leagtar síos in Airteagal 6(2), ranníocaí airgeadais na mBallstát atá páirteach sa vótáil a chinneadh, ní chuirfear i gcuntas ach na vótaí a chaithfear ar son, nó in aghaidh, cinnidh.

**Airteagal 6 – Tromlaigh vótála**

1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil:

   (a) an teorainn a shocrú le haghaidh caiteachais chun clár gníomhaíochtaí an Airmheáin a chur i ngníomh le linn na gcéad chúig bliana tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo;

   (b) cinneadh i dtaobh aontachas Stát, de réir Airteagal 23, agus na coinníollacha a leagan síos le haghaidh na naontachas sin de réir Airteagal 13(3);

   (c) cinneadh, de réir Airteagal 20, ar bhallraíocht a bhaint de Stát, agus ní ghlacfaidh an Stát sin páirt sa vótáil ar an ní sin;

   (d) cinneadh ar dhíscaoileadh an Airmheáin, de réir Airteagal 21(1) agus (2);

   (e) an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe comhair a chaibidil le Stáit nach Ballstáit agus lena ngníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla; féadfaidh sí an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích;

   (f) aon chomhaontuithe a chur i gcrích, le ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, de réir Airteagal 22 den Phrótacal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 16, chun an Prótacal sin a chur i ngníomh;

   (g) breith a thabhairt i dtaobh aon aistriú ar cheanncheathrú AERAM, de réir Airteagal 1(5).

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di le tromlach dhá thrian de na Ballstáit, agus ar choinníoll gurb ionann suim na ranníocaí ó na Stáit sin agus dhá thrian ar a laghad de na ranníocaí iomlána le buiséad an Airmheáin:

(a) Rialacháin Airgeadais an Airmheáin a ghlacadh;

(b) an buiséad bliantúil, agus tábla na riachtanas foirne i gceangal leis, agus, más gá, buiséid fhorlíontacha nó cheartaitheacha, a ghlacadh, de réir Airteagal 12(3), agus na meastacháin fhoriomlána caiteachais agus ioncaim do na chéad trí bliana airgeadais eile a fhorcheadú; mura bhfuil an Chomhairle tar éis an buiséad a ghlacadh fós, údaróidh sí don Ard-Stiúrthóir caiteachas a thabhú agus íocaíochtaí a dhéanamh, laistigh de mhí áirithe, a bheidh os cionn na teorann dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d’Airteagal 12(5);

(c) faoi réir mhír 1(a), clár gníomhaíochtaí an Airmheáin a ghlacadh, de réir Airteagal 11(1);

(d) ag gníomhú di ar thogra ón Ard-Stiúrthóir, cinntí a ghlacadh maidir le haon mhaoin dhochorraithe agus aon trealamh dochorraithe a mbaineann caiteachas suntasach ag an Airmheán lena fháil nó lena fáil nó lena thógáil ar cíos nó lena tógáil ar cíos;

(e) an Nós Imeachta um Chláir Roghnacha a ghlacadh de réir Airteagal 11(3);

(f) Cláir Roghnacha aonair a ghlacadh de réir Airteagal 11(3);

(g) gníomhaíochtaí a cheadú arna niarraidh ag tríú páirtithe de réir Airteagal 2(5);

(h) breith a thabhairt ar an mbeartas dáileacháin le haghaidh tháirgí an Airmheáin agus torthaí eile ar a chuid oibre;

(i) cinneadh a ghlacadh i dtaobh na mbeart a bheidh le déanamh i gcás go ndéantar an Coinbhinsiún seo a shéanadh de réir bhrí Airteagal 19;

(j) a chinneadh nach ndéanfar an tAirmheán a dhíscaoileadh i gcás go ndéantar an Coinbhinsiún seo a shéanadh de réir bhrí Airteagal 21(1), agus ní ghlacfaidh na Stáit Shéantacha páirt sa vótáil ar an ní sin;

(k) na coinníollacha a chinneadh, de réir Airteagal 21(3), le haghaidh fhoirceannadh an Airmheáin i gcás go ndéantar é a dhíscaoileadh;

(l) cinneadh, de réir Airteagal 1(6), i dtaobh a mhéid a úsáidfear na teangacha oifigiúla agus na teangacha oibre faoi seach, de réir Airteagal 1(6).

3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di le tromlach dhá thrian:

(a) a cuid Rialacha Nóis Imeachta a ghlacadh;

(b) na Rialacháin Foirne agus scála tuarastal fhoireann an Airmheáin a ghlacadh agus cinnfidh sí cad é cineál na sochar breise a bheidh ag an bhfoireann agus cad iad na rialacha chun iad a dheonú; déanfaidh sí, ina theannta sin, cearta oifigeach a chinneadh i dtaobh ceart maoine tionsclaíche agus cóipchirt a bhaineann le hobair atá déanta acu i gcúrsa a gcuid freagrachtaí;

(c) an comhaontú a cheadú atá le cur i gcrích, de réir Airteagal 16, idir an tAirmheán agus an Stát ar ina chríoch atá ceanncheathrú an Airmheáin lonnaithe;

(d) Ard-Stiúrthóir an Airmheáin agus a Leas-Stiúrthóir a cheapadh go ceann tréimhse nach faide ná cúig bliana, ar ceapacháin iad ar féidir iad a athnuachan uair amháin nó níos minice ná sin go ceann tréimhse nach faide ná cúig bliana gach uair;

(e) líon na niniúchóirí a chinneadh maille le fad a gceapacháin agus méid a luacha saothair, agus iad a cheapadh de réir Airteagal 14(2);

(f) ceapachán an Ard-Stiúrthóra nó a Leas-Stiúrthóra a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, agus na forálacha de na Rialacháin Foirne a bhaineann leo á gcur i gcuntas;

(g) Rialacha Nóis Imeachta an Choiste Chomhairligh Eolaíochta a cheadú de réir Airteagal 7(4);

(h) scála ranníocaí airgeadais na mBallstát a ghlacadh de réir Airteagal 13(1) agus (3) agus cinneadh a ghlacadh laghdú sealadach a dhéanamh ar ranníocaí Ballstáit de bharr na nimthosca eisceachtúla sa Stát sin, de réir Airteagal 13(2);

(i) breithniú a dhéanamh gach bliain ar chuntais na bliana airgeadais roimhe sin, maille le clár comhardaithe shócmhainní agus dhliteanais an Airmheáin, tar éis di tuarascáil na niniúchóirí a thabhairt dá haire, agus tabharfaidh sí urscaoileadh don Ard-Stiúrthóir i ndáil le cur i ngníomh an bhuiséid;

(j) an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe comhair a chaibidil le Ballstáit, lena ngníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla, agus le heagraíochtaí rialtasacha nó neamhrialtasacha idirnáisiúnta eolaíochta agus teicniúla a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cuspóirí an Airmheáin; féadfaidh sí an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích;

(k) na coinníollacha a chinneadh ar dá réir a dhéanfar ceadúnais arna ndeonú do na Ballstáit de bhun Airteagal 15(2) agus (3) a leathnú chuig feidhmiúcháin eile seachas réamhaisnéisí aimsire;

(l) a chinneadh, sa chás dá bhforáiltear in Airteagal 5(2), go bhféadfaidh Ballstát ceart vótála a choimeád, ach ní ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann páirt sa vótáil ar an ní sin;

(m) leasuithe ar an gCoinbhinsiún seo a mholadh do Bhallstáit, de réir Airteagal 18;

(n) de réir Airteagal 17 den Phrótacal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 16, na hearnálacha comhaltaí foirne lena mbainfidh Airteagail 13 agus 15 den Phrótacal sin, go hiomlán nó go páirteach, agus na hearnálacha saineolaithe lena mbainfidh Airteagal 14 den Phrótacal sin, a chinneadh;

(o) Straitéis Fhadtréimhseach an Airmheáin a ghlacadh de réir Airteagal 11(2).

4. I gcás nach sonraítear tromlach speisialta, gníomhóidh an Chomhairle le tromlach simplí.

**Airteagal 7 – An Coiste Comhairleach Eolaíochta**

1. Beidh an Coiste Comhairleach Eolaíochta comhdhéanta de dhá chomhalta dhéag arna gceapadh ina gcáil phearsanta ag an gComhairle go ceann tréimhse ceithre bliana. Déanfar an Coiste a athnuachan de réir aon cheathrú gach bliain. Maidir le gach comhalta díobh, ní ceadmhach iad a cheapadh le haghaidh breis is dhá théarma oifige as a chéile.

   Tabharfar cuireadh d'ionadaí de chuid na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda páirt a ghlacadh in obair an Choiste.

   Roghnófar baill an Choiste as measc eolaithe na mBallstát agus beidh siad ionadaíoch don raon is leithne agus is féidir de dhisciplíní a bhaineann le gníomhaíochtaí an Airmheáin. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir liosta iarrthóirí faoi bhráid na Comhairle.

2. Dréachtóidh an Coiste tuairimí agus moltaí, lena gcur faoi bhráid na Comhairle, ar dhréachtchlár de ghníomhaíochtaí an Airmheáin arna dhréachtú ag an Ard-Stiúrthóir, agus ar aon ní a chuirfidh an Chomhairle faoina bhráid. Coimeádfaidh an tArd-Stiúrthóir an Coiste ar an eolas faoi chur i ngníomh an chláir. Tabharfaidh an Coiste tuairimí faoi na torthaí a bhaintear amach.

3. Féadfaidh an Coiste a iarraidh ar shaineolaithe, go háirithe daoine a bhaineann le seirbhísí a bhfuil an tAirmheán á úsáid acu, páirt a ghlacadh ina chuid oibre nuair atá fadhbanna sonracha le réiteach.

4. Déanfaidh an Coiste a Rialacha um Nós Imeachta a dhréachtú. Tiocfaidh na Rialacha um Nós Imeachta sin i bhfeidhm tar éis don Chomhairle, ag feidhmiú di de réir Airteagal 6(3)(g), iad a cheadú.

**Airteagal 8 - An Coiste Airgeadais**

1. Beidh an Coiste Airgeadais comhdhéanta de na daoine seo a leanas:

   (a) aon ionadaí amháin ó gach ceann de na ceithre Bhallstát a íocann na ranníocaí is airde

   (b) ionadaithe de chuid Ballstát eile, arna gceapadh acu go ceann tréimhse aon bhliain amháin; maidir le gach ceann de na Stáit sin, ní ceadmhach ionadaíocht a bheith acu ar an gCoiste níos mó ná dhá uair as a chéile. Beidh líon na nionadaithe sin mar aonchúigiú de líon na mBallstát eile.

2. Faoi na coinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Airgeadais, dréachtóidh an Coiste tuairimí agus moltaí le cur faoi bhráid na Comhairle i ndáil le gach ní a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus a chuirtear faoi bhráid na Comhairle agus feidhmeoidh sé na cumhachtaí airgeadais arna dtarmligean chuige ag an gComhairle.

**Airteagal 9 – An tArd-Stiúrthóir**

1. Is é an tArd-Stiúrthóir príomhoifigeach feidhmiúcháin an Airmheáin. Déanfaidh sé ionadaíocht thar ceann an Airmheáin i ngnóthaí le tríú páirtithe. Is é a bheidh freagrach don Chomhairle as na tascanna a shanntar don Airmheán a chur i gcrích. Glacfaidh sé páirt, gan cead vótála, i gcruinnithe uile na Comhairle.

   Ceapfaidh an Chomhairle an duine atá chun feidhmiú mar Ard-Stiúrthóir san idirlinn.

2. Déanfaidh an tArd-Stiúrthóir:

   (a) gach beart riachtanach le haghaidh feidhmiú cuí an Airmheáin;

   (b) na cumhachtaí a thugtar dó faoi na Rialacháin Foirne a fheidhmiú, faoi réir Airteagal 10(4);

   (c) dréachtchlár gníomhaíochtaí agus Straitéis Fhadtréimhseach an Airmheáin a chur faoi bhráid na Comhairle, maille le tuairimí agus moltaí an Choiste Chomhairligh Eolaíochta;

   (d) buiséad an Airmheáin a ullmhú agus a chur i ngníomh de réir na Rialachán Airgeadais;

   (e) taifead cruinn a choimeád d'ioncam agus caiteachas uile an Airmheáin de réir na Rialachán Airgeadais;

   (f) na cuntais a bhaineann le cur i ngníomh an bhuiséid agus an clár comhardaithe sócmhainní agus dliteanas, arna ndréachtú i ngach cás de réir na Rialachán Airgeadais, agus an tuarascáil faoi ghníomhaíochtaí an Airmheáin, a chur faoi bhráid na Comhairle in aghaidh na bliana chun a ceadú a fháil orthu;

   (g) na comhaontuithe comhair a chur i gcrích, de réir Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 6(3)(j), is gá chun cuspóirí an Airmheáin a bhaint amach.

3. Le linn dó a chuid tascanna a dhéanamh, beidh cúnamh chomhaltaí foirne eile an Airmheáin ag an Ard-Stiúrthóir.

**Airteagal 10 – An Fhoireann**

1. Faoi réir an dara fomhír, beidh foireann an Airmheáin faoi réir na Rialachán Foirne, arna nglacadh ag an gComhairle agus í ag feidhmiú di de réir Airteagal 6(3)(b). Mura dtagann téarmaí fostaíochta comhalta foirne de chuid an Airmheáin faoi réim na Rialachán Foirne sin, beidh an comhalta faoi réir an dlí is infheidhme sa Stát ina ndéanann an duine atá i gceist a chuid dualgas.

2. Beidh earcú na foirne bunaithe ar cháilíochtaí daoine, agus cuirfear i gcuntas gné idirnáisiúnta an Airmheáin. Ní ceadmhach aon phost a choimeád in áirithint le haghaidh náisiúnach de Bhallstát áirithe.

3. Féadfaidh an tAirmheán foireann a fhostú ó ghníomhaireachtaí náisiúnta na mBallstát a bheidh ar iasacht don Airmheán go ceann tréimhse sonraithe.

4. Ceadóidh an Chomhairle ceapadh agus dífhostú oifigeach sna gráid uachtaracha arna míniú sna Rialacháin Foirne, agus ceapadh agus dífhostú an Rialaitheora Airgeadais agus a leas-Rialaitheora.

5. Réiteofar díospóidí a eascróidh as cur i ngníomh na Rialachán Foirne, nó as forghníomhú chonarthaí fostaíochta na foirne, de réir na Rialachán Foirne.

6. Beidh gach duine atá ag obair san Airmheán faoi réir údarás an Ard-Stiúrthóra agus de réir na rialacha ginearálta go léir arna gceadú ag an gComhairle.

7. Beidh ceangal ar gach Ballstát gné idirnáisiúnta fhreagrachtaí an Ard-Stiúrthóra agus fhreagrachtaí oifigeach eile an Airmheáin a urramú. i gcomhlíonadh a ndualgas dóibh, ní dhéanfaidh an tArd-Stiúrthóir ná na hoifigigh eile ordacháin a lorg ná a ghlacadh ó aon Rialtas ná aon údarás lasmuigh den Airmheán.

**Airteagal 11 – An Clár Gníomhaíochtaí, an Straitéis Fhadtréimhseach agus na Cláir Roghnacha**

1. Glacfaidh an Chomhairle clár gníomhaíochtaí an Airmheáin, ag gníomhú di ar thogra ón Ard-Stiúrthóir de réir Airteagal 6(2)(c).

   Is i leith tréimhse ceithre bliana a bheidh an clár, i bprionsabal, agus déanfar é a oiriúnú agus a fhorlíonadh gach bliain go ceann tréimhse breise bliana. Déanfar, leis an gclár, teorainn an chaiteachais a shocrú go ceann fhad an chláir agus beidh ar áireamh ann, ina theannta sin, meastachán ar an gcaiteachas a eascróidh as a chur i ngníomh i leith gach bliana agus gach mórearnála.

   Ní ceadmhach an teorainn caiteachais a leasú ach amháin de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(2)(c).

2. Déanfar Straitéis Fhadtréimhseacha don Airmheán a ullmhú tráthanna agus le haghaidh tréimhsí a chinnfidh an Chomhairle. Déanfaidh an Chomhairle ullmhú na Straitéise a bhreithniú gach cúig bliana ar a laghad. Beidh léargas ar chuspóirí straitéiseacha an Airmheáin sa Straitéis Fhadtréimhseach agus léireofar inti an treo a fheictear le haghaidh fhorbairt obair an Airmheáin i rith ré na Straitéise.

   Glacfaidh an Chomhairle an Straitéis, ag gníomhú di ar thogra ón Ard-Stiúrthóir de réir Airteagal 6(3)(o).

3. Séard is Clár Roghnach ann ná Clár, arna mholadh ag Ballstát nó ag grúpa Ballstát, ina nglacann na Ballstáit go léir páirt ach amháin iad sin a dhearbhaíonn gur Stáit neamhrannpháirteacha iad agus lena ndéantar cion i gcomhair chríocha agus chuspóirí an Airmheáin de réir Airteagail 2(1) agus 2(2).

   a) Glacfaidh an Chomhairle an nós imeachta um Chláir Roghnacha de réir Airteagal 6(2)(e).

   b) Glacfaidh an Chomhairle Cláir Roghnacha Aonair de réir Airteagal 6(2)(f).

**Airteagal 12 – An Buiséad**

1. Déanfar buiséad an Airmheáin a dhréachtú le haghaidh gach bliana airgeadais roimh thosach na bliana sin, de réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Airgeadais.

   Is as ranníocaí na mBallstát agus as aon ioncam eile de chuid an Airmheáin a íocfar caiteachas an Airmheáin.

   Is i gcomhardadh a bheidh an tioncam agus an caiteachas a thaispeánfar sa bhuiséad. Is in airgeadra an Stáit ina bhfuil ceanncheathrú an Airmheáin a dhéanfar an buiséad a dhréachtú.

2. Beidh caiteachas agus ioncam uile an Airmheáin ina nábhar do mheastachán mionsonraithe a bheidh le dréachtú le haghaidh gach bliana airgeadais, agus taispeánfar iad sa bhuiséad.

   Féadfar leithreasaí tiomantais a bhaineann le tréimhse a shíneann thar an mbliain airgeadais a údarú de réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Airgeadais.

   Ina theannta sin, déanfar meastachán foriomlán ar an gcaiteachas agus ar an ioncam i ngach mórearnáil a dhréachtú do na chéad trí bliana airgeadais eile.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(2)(b), an buiséad le haghaidh gach bliana airgeadais agus tábla phoist an Airmheáin a bheidh mar iarscríbhinn leis sin agus aon bhuiséid fhorlíontacha nó cheartaitheacha, agus an meastachán foriomlán ar an gcaiteachas agus ar an ioncam do na chéad trí bliana eile a fhorcheadú.

4. Le glacadh an bhuiséid ag an gComhairle:

   (a) cuirfear ceangal ar gach Ballstát na ranníocaí airgeadais arna gcinneadh sa bhuiséad a chur ar fáil don Airmheán;

   (b) údarófar don Ard-Stiúrthóir tiomantais a thabhairt agus íocaíochtaí a dhéanamh laistigh de theorainneacha na leithreasaí arna núdarú chun na gcríoch sin.

5. Mura bhfuil an buiséad arna ghlacadh ag an gComhairle faoi thús bliana airgeadais, féadfaidh an tArd-Stiúrthóir, gach mí, dul faoi thiomantais agus íocaíochtaí a dhéanamh i ngach caibidil suas le haon dódhéagú de bhuiséad na bliana airgeadais roimhe sin, ar choinníoll nach mbeidh ar fáil dó leithreasaí de bhreis agus aon dódhéagú de na leithreasaí dá bhforáiltear sa dréachtbhuiséad.

   Íocfaidh na Ballstáit gach mí, ar bhonn sealadach agus de réir an scála dá bhforáiltear in Airteagal 13, na méideanna is gá le haghaidh fheidhm na chéad fhomhíre.

6. Déanfar an buiséad a chur i ngníomh de réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Airgeadais.

**Airteagal 13 – Ranníocaí na mBallstát**

1. Íocfaidh gach ceann de na Ballstáit ranníoc bliantúil leis an Airmheán, in airgeadra inchomhshóite, bunaithe ar an scála a ghlacfaidh an Chomhairle gach trí bliana, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(3)(h). Beidh an scála sin bunaithe ar mheánollioncam náisiúnta gach ceann de na Ballstáit le linn na dtrí bliana féilire roimhe sin a bhfuil staidreamh ann dóibh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(3)(h), cinneadh a ghlacadh laghdú sealadach a dhéanamh ar ranníoc Ballstáit de bharr imthosca speisialta sa Stát sin. Measfar go háirithe imthosca speisialta a bheith i réim i gcás go bhfuil ag Ballstát ollioncam náisiúnta *per capita* is ísle ná méid a chinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(3).

3. Más rud é, tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo, go dtiocfaidh Stát chun bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo, déanfaidh an Chomhairle an scála ranníocaí a mhodhnú de réir an bhoinn ríofa arna leagan síos i mír 1. Beidh éifeacht leis an scála nua nuair a thagann an Stát atá i gceist chun bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo.

   Beidh ceangal ar Stát a thagann chun bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo tar éis an 31 Nollaig sa bhliain ar lena linn a thagann sé i bhfeidhm ranníoc aonair breise a íoc, i dteannta an ranníoca arna leagan síos i mír 1, i ndáil leis an gcaiteachas atá tabhaithe ag an Airmheán roimhe sin. Is í an Chomhairle a chinnfidh méid an ranníoca bhreise sin, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(1).

   Ach amháin go gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(1), déanfar aon ranníoc breise arna íoc de bhun an dara fomhír a bhaint de ranníocaí na mBallstát eile. Déanfar an laghdú sin a ríomh ar bhonn *pro rata* de réir na ranníocaí arna níoc ag gach ceann de na Ballstáit roimh an mbliain airgeadais reatha.

4. Más rud é, tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo, go scoireann Stát de bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo, déanfaidh an Chomhairle an scála ranníocaí a mhodhnú de réir an bhoinn ríofa arna leagan síos i mír 1. Beidh éifeacht leis an scála nua nuair a scoireann an Stát lena mbaineann de bheith ina pháirtí sa Choinbhinsiún seo.

5. Déanfar modhanna íocaíochta na ranníocaí a chinneadh sna Rialacháin Airgeadais.

**Airteagal 14 – An tIniúchadh**

1. Déanfar cuntais an ioncaim agus an chaiteachais uile a thaispeántar sa bhuiséad agus i gclár comhardaithe shócmhainní agus dhliteanais an Airmheáin, de réir na gcoinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Airgeadais, a chur faoi bhráid iniúchóirí, nach bhfuil aon amhras ann i dtaobh a neamhspleáchais, lena niniúchadh. Is é cuspóir an iniúchta, a bhunófar ar thaifid agus a dhéanfar ar an toirt más gá, ná a fháil amach go bhfuarthas an tioncam uile agus gur tabhaíodh an caiteachas uile go dleathach agus go rialta agus go raibh bainistiú airgeadais an Airmheáin slán. Cuirfidh na hiniúchóirí tuarascáil ar na cuntais bhliantúla faoi bhráid na Comhairle.

2. Is í an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoiste Airgeadais de réir Airteagal 6(3)(e), a chinnfidh líon na niniúchóirí, fad a gceapacháin agus méid a luach saothair, agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad.

3. Tabharfaidh an tArd-Stiúrthóir do na hiniúchóirí aon fhaisnéis agus cúnamh is gá le haghaidh an iniúchta dá dtagraítear i mír 1.

**Airteagal 15 – Cearta maoine agus ceadúnais**

1. Beidh úinéireacht eisiach ar fud an domhain ag AERAM ar a chuid táirgí go léir agus ar thorthaí eile a chuid gníomhaíochtaí.

2. Deonófar do gach Ballstát, saor in aisce, le haghaidh a chuid riachtanas féin i réimse na réamhaisnéisí aimsire, ceadúnas neamheisiatach agus aon cheart neamheisiatach úsáide eile, i ndáil le cearta maoine tionsclaíche, cláir ríomhaire agus faisnéis theicneolaíoch ar thoradh iad ar obair a dhéantar de bhun an Choinbhinsiúin seo agus ar leis an Airmheán iad.

3. I gcás nach bhfuil na cearta dá dtagraítear i mír 2 ag an Airmheán, déanfaidh sé iarracht na cearta riachtanacha a fháil, de réir na gcoinníollacha arna gcinneadh ag an gComhairle.

4. Maidir leis na coinníollacha ar faoina réir is féidir na ceadúnais dá dtagraítear i mír 2 a leathnú chuig feidhmiúcháin seachas réamhaisnéisí aimsire, beidh siad faoi réir cinnidh de chuid na Comhairle, ag feidhmiú di de réir Airteagal 6(3)(k).

**Article 16 – Pribhléidí agus díolúintí, agus dliteanais**

Maidir leis na pribhléidí agus na díolúintí atá ag an Airmheán, ag ionadaithe na mBallstát, agus ag foireann agus saineolaithe an Airmheáin, i gcríocha na mBallstát, déanfar iad a chinneadh i bprótacal a bheidh mar Iarscríbhinn leis an gCoinbhinsiún seo agus a bheidh mar chuid dhílis de, agus i gcomhaontú a chuirfear i gcrích idir an tAirmheán agus an Stát ar ina chríoch atá ceanncheathrú an Airmheáin lonnaithe. Déanfaidh an Chomhairle an comhaontú sin a cheadú, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(3)(c).

**Airteagal 17 – Díospóidí**

1. Aon díospóid idir Ballstáit, nó idir Ballstát nó Ballstáit agus an tAirmheán, maidir le léiriú fheidhm an Choinbhinsiúin seo, ar a náirítear an Prótacal maidir le Pribhléidí agus Díolúintí dá bhforáiltear in Airteagal 16 nó a bhaineann le ceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 24 den Phrótacal sin, agus nach féidir a réiteach le cuidiú na Comhairle, déanfar í a tharchur, ar iarraidh chuige sin ag páirtí amháin sa díospóid chuig an bpáirtí eile, chuig binse eadrána, arna bhunú de réir na chéad fhomhíre de mhír 2, ach amháin go gcomhaontóidh na páirtithe sa díospóid laistigh de thrí mhí ar réiteach de chineál eile.

2. Déanfaidh gach páirtí sa díospóid, cibé acu atá Ballstát nó Ballstáit páirteach inti, aon chomhalta amháin den bhinse eadrána a cheapadh laistigh de dhá mhí ón dáta a fuarthas an iarraidh dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh na comhaltaí sin, laistigh de dhá mhí ó cheapadh an dara comhalta, an tríú comhalta a cheapadh a bheidh ina chathaoirleach ar an mbinse agus nach mbeidh ina náisiúnach de Stát ar páirtí sa díospóid é. Maidir le haon duine de na trí chomhalta den bhinse, mura bhfuil a cheapachán déanta laistigh den tréimhse fhorordaithe, déanfaidh Uachtarán na Cúirte Idirnáisiúnta Breithiúnais é, ar iarraidh a fháil chuige sin ó cheann de na páirtithe.

Is le tromlach a thabharfaidh an binse eadrána breitheanna. Beidh a chuid breitheanna ina gceangal ar na páirtithe sa díospóid. Is ar gach ceann de na páirtithe a bheidh costais an chomhalta den bhinse atá arna cheapadh aige agus na costais a bhaineann lena ionadaíocht ag imeachtaí os comhair an bhinse. Is ar gach ceann de na páirtithe sa díospóid a bheidh méid comhionann de na costais a bhaineann le cathaoirleach an bhinse agus aon chostais eile, ach amháin go gcinnfidh an binse a mhalairt. Cinnfidh an binse a chuid rialacha eile um nós imeachta.

**Airteagal 18 – Leasuithe ar an gCoinbhinsiún**

1. Féadfaidh gach ceann de na Ballstáit tograí a tharchur chuig an Ard-Stiúrthóir chun an Coinbhinsiún seo a leasú. Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir na tograí sin faoi bhráid na mBallstát eile trí mhí ar a laghad sula ndéanfaidh an Chomhairle iad a scrúdú. Déanfaidh an Chomhairle na tograí a scrúdú agus féadfaidh sí, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(3)(m), a mholadh do na Ballstáit na leasuithe atá molta a ghlacadh.

2. Ní ceadmhach do na Ballstáit leasuithe arna moladh ag an gComhairle a ghlacadh ach amháin i scríbhinn. Tiocfaidh siad i bhfeidhm tríocha lá tar éis d'Ard-Stiúrthóir Chomhairle an Aontais Eorpaigh an fógra scríofa deiridh i dtaobh a nglactha a fháil.

**Airteagal 19 – An Coinbhinsiún a shéanadh**

1. Féadfaidh aon Bhallstát an Coinbhinsiún seo a shéanadh tar éis dó a bheith i bhfeidhm ar feadh cúig bliana ach fógra a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Beidh feidhm leis an séanadh i ndeireadh an dara bliain airgeadais tar éis na bliana ar lena linn a tugadh an fógra.

2. Maidir le Ballstát a bhfuil an Coinbhinsiún seo séanta aige, beidh ceangal air i gcónaí ranníoc a thabhairt i dtaca le maoiniú a dhéanamh ar gach tiomantas arna dhéanamh ag an Airmheán sula dtagann an séanadh sin in éifeacht agus na hoibleagáidí a urramú a bhfuil sé faoi chonradh ina leith mar Bhallstát ó thaobh an Airmheáin de sula dtagann an séanadh sin in éifeacht.

3. Maidir le Ballstát a bhfuil an Coinbhinsiún seo séanta aige, caillfidh sé a chearta ar shócmhainní an Airmheáin agus ní mór dó an tAirmheán a shlánú, faoi na coinníollacha arna leagan síos ag an gComhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(2)(i), ar aon chailliúint maoine ag an Airmheán i gcríoch an Stáit sin, ach amháin go bhfuil comhaontú speisialta déanta lena ndéantar úsáid na maoine sin a ráthú don Airmheán.

**Airteagal 20 – Neamhchomhlíonadh oibleagáidí**

Maidir le haon Bhallstát nach bhfuil a chuid oibleagáidí comhlíonta aige faoin gCoinbhinsiún seo, féadfar a bhallraíocht a bhaint de trí chinneadh de chuid na Comhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(1)(c). Sa chás sin, beidh feidhm ag Airteagal 19(2) agus (3) *mutatis mutandis*.

**Airteagal 21 – An tAirmheán a dhíscaoileadh**

1. Ach amháin go gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(2)(j), déanfar an tAirmheán a dhíscaoileadh más é an toradh atá ar shéanadh an Choinbhinsiúin ag Ballstát nó ag Ballstáit go ndéantar leibhéil ranníocaí na mBallstát eile a mhéadú d'aon chúigiú os cionn a leibhéal tosaigh.

2. I dteannta an cháis dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Chomhairle an tAirmheán a dhíscaoileadh aon tráth, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(1)(d).

3. I gcás go ndéanfar an tAirmheán a dhíscaoileadh, ceapfaidh an Chomhairle leachtaitheoir.

   Ach amháin go gcinnfidh an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(2)(j), déanfar aon fharasbarr a dháileadh ar na Ballstáit tráth an díscaoilte ar bhonn *pro rata* de réir na ranníocaí a d'íoc siad iarbhír le linn an trátha a bhí siad ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún seo.

   Íocfaidh na Ballstáit aon easnamh ar bhonn *pro rata* de réir a ranníocaí arna socrú don bhliain airgeadais reatha.

**Airteagal 22 – Teacht i bhfeidhm**

1. Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt lena shíniú ag na Stáit Eorpacha a luaitear san Iarscríbhinn go dtí an 11 Aibreán 1974 in Ard-Rúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

   Beidh sé faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle na gComhphobal Eorpach.

2. Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis dáta a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta ag dhá thrian, ar a laghad, de na Ballstáit shínitheacha, ar a náirítear an Stát ar ina chríoch atá ceanncheathrú an Airmheáin lonnaithe, ar choinníoll gur 80 faoin gcéad, ar a laghad, de na ranníocaí iomlána, de réir an scála atá san Iarscríbhinn, na ranníocaí iomlána ag na Stáit sin.

   I gcás aon Stáit shínithigh eile, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis dáta taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha nó formheasta.

**Airteagal 23 – Aontachas Stát**

1. Tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo, féadfaidh aon Stát nach Sínitheoir aontú don Choinbhinsiún seo, faoi réir thoiliú na Comhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(1)(b). Aon Stát ar mian leis aontú don Choinbhinsiún seo, tabharfaidh sé fógra don Ard-Stiúrthóir dá réir agus cuirfidh an tArd-Stiúrthóir in iúl do na Ballstáit go bhfuil an iarraidh déanta trí mhí ar a laghad sula gcuirtear faoi bhráid na Comhairle í le haghaidh breithe. Cinnfidh an Chomhairle na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh aontachas an Stáit atá i gceist, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b).

2. Déanfar ionstraimí aontachais a thaisceadh i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Le haghaidh gach Stáit aontaigh, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis a ionstraim aontachais a thaisceadh.

**Airteagal 24 – Fógra i dtaobh síniúchán agus nithe gaolmhara**

Tabharfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh fógra do na Stáit shínitheacha agus aontacha i dtaobh na nithe seo a leanas:

(a) aon síniú leis an gCoinbhinsiún seo;

(b) taisceadh gach ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasta nó aontachais;

(c) teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo;

(d) aon fhógra scríofa i dtaobh leasú ar an gCoinbhinsiún seo a ghlacadh;

(e) glacadh agus teacht i bhfeidhm aon leasaithe;

(f) aon séanadh ar an gCoinbhinsiún seo nó aon chailliúint ballraíochta san Airmheán.

A luaithe a thagann an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm agus a thagann aon leasuithe air i bhfeidhm, déanfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh iad a chlárú le hArd-Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, de réir Airteagal 102 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

**Airteagal 25 – An chéad Bhliain Airgeadais**

1. Is ó theacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo go dtí an 31 Nollaig ina dhiaidh sin a mhairfidh an chéad bhliain airgeadais. i gcás go dtosóidh an tréimhse sin le linn an dara leath de bhliain féilire, is go dtí an 31 Nollaig an bhliain dár gcionn a mhairfidh sí.

2. Maidir le Stáit a bhfuil an Coinbhinsiún seo sínithe acu ach nach bhfuil sé daingnithe, glactha nó formheasta acu, féadfaidh ionadaíocht a bheith acu ag cruinnithe den Chomhairle agus féadfaidh siad páirt a ghlacadh ina cuid oibre gan ceart vótála a bheith acu go ceann tréimhse dhá mhí dhéag tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo. Féadfaidh an Chomhairle an tréimhse seo a shíneadh go ceann tréimhse eile, is tréimhse sé mhí, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(3).

3. Ag a chéad chruinniú, cinnfidh an Coiste Comhairleach Eolaíochta, trí chrannchur a dhéanamh, na naoi mball den Choiste a bhfuil a dtéarmaí oifige chun dul in éag, de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 7(1), i ndeireadh na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain d'oibriú an Choiste.

**Airteagal 26 – An Coinbhinsiún a thaisceadh**

Déanfar an Coinbhinsiún seo, agus gach leasú air, arna tharraingt suas i scríbhinn bhunaidh amháin, in Ollainnis, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis, i nDanmhairgis, i bhFionlainnis, i nGaeilge, i nGréigis, in Ioruais, i bPortaingéilis, i Spáinnis, i Sualainnis agus i dTurcais, agus comhúdarás ag gach téacs díobh, a thaisceadh i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus cuirfidh an Ard-Rúnaíocht cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach Stáit shínithigh nó aontaigh.

**IARSCRÍBHINN**

## SCÁLA SEALADACH RANNÍOCAÍ

Tá sé ceaptha an scála a thugtar thíos a sholáthar chun Airteagal 22(2) den Choinbhinsiún a chur i ngníomh agus chuige sin amháin. Ní dochar é ar aon slí d'aon bhreitheanna arna dtabhairt ag an gComhairle de bhun Airteagal 13(1) den Choinbhinsiún, maidir le scálaí ranníocaí sa todhchaí.

| **Tíortha a ghlac páirt i ndréachtú an Choinbhinsiúin** | % |
|---|---|
| An Bheilg | 3.25 |
| An Danmhairg | 1.98 |
| Poblacht Chónaidhme na Gearmáine | 21.12 |
| An Spáinn | 4.16 |
| An Fhrainc | 19.75 |
| An Ghréig | 1.18 |
| Éire | 0.50 |
| An Iodáil | 11.75 |
| An Iúgslaiv | 1.65 |
| Lucsamburg | 0.12 |
| An Ísiltír | 3.92 |
| An Iorua | 1.40 |
| An Ostair | 1.81 |
| An Phortaingéil | 0.79 |
| An Eilvéis | 2.63 |
| An Fhionlainn | 1.33 |
| An tSualainn | 4.19 |
| An Tuirc | 1.81 |
| An Ríocht Aontaithe | 16.66 |

**PRÓTACAL MAIDIR LE PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ AN AIRMHEÁIN EORPAIGH UM RÉAMHAISNÉISÍ AIMSIRE MEÁNTRÉIMHSEACHA, ARNA LEASÚ**

Tá na Stáit is páirtithe sa Choinbhinsiún ag bunú an Airmheáin Eorpaigh um Réamhaisnéisí Aimsire Meántréimhseacha, a síníodh sa Bhruiséil an 11 Deireadh Fómhair 1973,

ÓS MIAN LEO na pribhléidí agus na díolúintí a mhíniú is gá ar mhaithe le feidhmiú cuí an Airmheáin seo,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS

AIRTEAGAL 1

1. Faoi réir fhorálacha an Phrótacail seo, beidh áitreabh an Airmheáin dosháraithe.

2. Ní ceadmhach d'údaráis an Stáit ina bhfuil ceanncheathrú an Airmheáin dul isteach in áitreabh an Airmheáin ach amháin le toiliú an Ard-Stiúrthóra nó duine arna cheapadh ag an Ard-Stiúrthóir. i gcás dóiteáin nó tubaiste eile a éileoidh gníomh gasta coisctheach, féadfar a ghlacadh go bhfuil toiliú an Ard-Stiúrthóra tugtha.

3. Cuirfidh an tAirmheán cosc ar dhaoine tearmann a dhéanamh as a áitreabh lena naghaidh siúd atá ag iarraidh gabháil nó seirbheáil páipéar dlíthiúil a sheachaint.

AIRTEAGAL 2

Beidh cartlann an Airmheáin dosháraithe.

AIRTEAGAL 3

1. Faoi réim a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla, beidh díolúine ag an Airmheán ó dhlínse agus ó fhorghníomhú, ach amháin:

   (a) a mhéid a dhéanfaidh an tAirmheán, de réir breithe de chuid na Comhairle, í a tharscaoileadh i gcás áirithe. Measfar an díolúine sin a bheith tarscaoilte ag an Airmheán, áfach, más rud é, ar iarraidh a fháil chun an díolúine a tharscaoileadh arna cur isteach ag údarás náisiúnta ar os a chomhair a thógtar an cás nó ag an bpáirtí freasúrach, nach bhfuil fógra tugtha aige, laistigh de chúig lá dhéag tar éis dó an iarraidh a fháil, nach bhfuil sé ag tarscaoileadh na díolúine sin;

   (b) maidir le caingean shibhialta ag tríú páirtí as damáiste a eascraíonn as timpiste, ar fheithicil leis an Airmheán nó a bhí a hoibriú thar ceann an Airmheáin ba chúis léi, nó i ndáil le cion tráchta;

   (c) i ndáil le forfheidhmiú ar dhámhachtain eadrána a rinneadh faoi Airteagal 23 den Phrótacal seo nó Airteagal 17 den Choinbhinsiún ag bunú an Airmheáin, dá ngairtear anseo ina dhiaidh seo "an Coinbhinsiún";

   (d) i gcás go ndéanfaí astú, de bhun breithe de chuid na núdarás riaracháin nó breithiúnach, ar thuarastail, pá agus luach saothair a bheadh dlite ag an Airmheán do chomhaltaí foirne dá chuid.

2. In aon díospóid lena mbaineann comhalta foirne nó saineolaí de chuid an Airmheáin a néilítear díolúine ó dhlínse faoi Airteagal 13 nó Airteagal 14 ina leith, cuirfear freagracht an Airmheáin in ionad fhreagracht an chomhalta foirne nó an tsaineolaí atá i gceist.

3. Faoi réir mhír 1, beidh díolúine ag maoin agus sócmhainní an Airmheáin, cibé áit a mbeidh siad, ó shriantacht bhreithiúnach riaracháin nó shealadach de chineál ar bith, mar shampla foréileamh, coigistiú, díshealbhú nó astú, ach amháin a mhéid is gá go sealadach i ndáil le timpistí a chosc agus a imscrúdú ar timpistí iad a bhaineann le feithiclí leis an Airmheán nó atá á noibriú thar ceann an Airmheáin.

AIRTEAGAL 4

1. Faoi réim a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla, beidh díolúine ag an Airmheán agus ag a chuid maoine agus a chuid ioncaim ó gach cáin dhíreach.

2. Nuair a dhéanann an tAirmheán ceannacháin ar luach substaintiúil nó nuair a úsáideann sé seirbhísí ar luach substaintiúil is gá go docht chun a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla a fheidhmiú agus nuair atá ar áireamh i bpraghas na gceannachán nó na seirbhísí sin dleachtanna nó cánacha, déanfaidh an Ballstát atá tar éis na dleachtanna agus na cánacha a thobhach na bearta cuí chun méid na ndleachtanna agus na gcánacha is soaitheanta a mhaitheamh nó a aisíoc.

3. Ní thabharfar aon díolúine i leith dleachtanna agus cánacha nach bhfuil iontu ach íocaíochtaí as seirbhísí fóntais phoiblí.

AIRTEAGAL 5

Maidir le hearraí a dhéanfaidh an tAirmheán a allmhairiú nó a onnmhairiú agus is gá go docht chun a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla a fheidhmiú, beidh díolúine ann ina leith ó gach dleacht chustam, gach cáin agus gach muirear custam ach amháin na muirir sin nach bhfuil iontu ach íocaíochtaí as seirbhísí. Beidh díolúine ann i leith na nearraí sin freisin ó gach toirmeasc agus srian ar allmhairiú agus onnmhairiú. Déanfaidh na Ballstáit gach beart réasúnach atá faoi réim a gcumhachtaí faoi seach chun imréiteach custam a dhéanamh gan rómhoill ar na hearraí sin.

AIRTEAGAL 6

Ní thabharfar aon díolúine faoi Airteagal 4 nó Airteagal 5 i leith earraí a ceannaíodh agus a allmhairíodh le haghaidh riachtanas pearsanta comhaltaí foirne de chuid an Airmheáin nó saineolaithe de réir bhrí Airteagal 14.

AIRTEAGAL 7

Ní ceadmhach earraí a ceannaíodh faoi Airteagal 4 nó a allmhairíodh faoi Airteagal 5 a dhíol, a thabhairt in aisce ná a fhruiliú amach ach amháin de réir na gcoinníollacha arna leagan síos le rialacháin an Stáit atá tar éis na díolúintí a dheonú.

AIRTEAGAL 8

1. Féadfaidh an tAirmheán aon saghas cistí nó airgeadra a ghlacadh agus a shealbhú. Féadfaidh sé iad a dhiúscairt go toildheonach chun a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla a fheidhmiú agus féadfaidh sé cuntais a shealbhú in aon airgeadra a mhéid is gá chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

2. Faoi réim a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla agus gan dochar do mhír 1, féadfaidh an tAirmheán ina theannta sin urrúis a ghlacadh, a shealbhú agus a dhiúscairt, faoi réir aon fhorálacha a bhaineann le rialacháin iomlaoide is infheidhme ar eagraíochtaí idirrialtasacha eile sa Bhallstát lena mbaineann.

AIRTEAGAL 9

Ní chuirfear srian de shaghas ar bith ar scaipeadh foilseachán agus ábhair faisnéise eile a chuireann an tAirmheán, nó a chuirtear chuige, faoi réim a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla.

AIRTEAGAL 10

1. Maidir le tarchur sonraí faoi réim a chuid gníomhaíochtaí oifigiúla, beidh ag an Airmheán, i gcríoch gach Ballstáit, cóir atá chomh fabhrach leis an gcóir a thugann an Stát dá sheirbhís mheitéareolaíoch féin, agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit sin i ndáil le teileachumarsáid á gcur i gcuntas.

2. Maidir lena theileachumarsáid oifigiúil féin agus aistriú a chuid doiciméad go léir, beidh ag an Airmheán cóir atá chomh fabhrach leis an gcóir a thugann gach Ballstát d'eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Stáit sin i ndáil le teileachumarsáid á gcur i gcuntas.

3. Ní dhéanfar aon chinsireacht ar chumarsáid oifigiúil an Airmheáin, gan beann ar an modh cumarsáide a úsáidtear.

AIRTEAGAL 11

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is cuí chun teacht, fanacht agus imeacht ionadaithe de chuid na mBallstát, comhaltaí foirne an Airmheáin agus saineolaithe de réir bhrí Airteagal 14 a éascú.

AIRTEAGAL 12

Beidh ag ionadaithe de chuid na mBallstát atá rannpháirteach in obair orgain agus choistí an Airmheáin, le linn a ndualgais a fheidhmiú agus i gcúrsa a naistear go dtí an tionad cruinnithe agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí seo a leanas:

(a) díolúine ó ghabháil agus coinneáil agus ó urghabháil a mbagáiste phearsanta, ach amháin i gcás go mbéarfaí orthu agus iad ag déanamh ciona, ag iarraidh cion a dhéanamh nó díreach tar éis cion a dhéanamh;

(b) díolúine ó dhlínse, fiú amháin tar éis fhoirceannadh a misiúin, i ndáil le gníomhartha, ar a náirítear briathra a dúradh nó a scríobhadh, a rinne siad ina gcáil oifigiúil agus laistigh de theorainneacha a núdaráis; ní bheidh feidhm ag an díolúine sin i gcás ciona tráchta arna dhéanamh ag ionadaí Ballstáit ná i gcás damáiste arbh é ba chúis leis feithicil le duine den sórt sin nó a bhí á tiomáint ag duine den sórt sin;

(c) dosháraitheacht le haghaidh a gcuid páipéar agus doiciméad oifigiúil uile;

(d) díolúine ó gach beart lena ndéantar teacht isteach eachtrannach a shrianadh agus ó fhoirmiúlachtaí cláraithe eachtrannach;

(e) na saoráidí custam céanna ó thaobh a gcuid bagáiste phearsanta de agus na pribhléidí céanna ó thaobh rialachán airgeadra agus iomlaoide de a thugtar d'ionadaithe Rialtas eachtrannach agus iad ar mhisiúin oifigiúla shealadacha.

## AIRTEAGAL 13

Beidh ag comhaltaí foirne an Airmheáin, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí seo a leanas:

(a) díolúine ó dhlínse, fiú amháin tar éis dóibh imeacht ó sheirbhís an Airmheáin, i ndáil le gníomhartha, ar a náirítear briathra a dúradh nó a scríobhadh, a rinne siad ina gcáil oifigiúil agus laistigh de theorainneacha a núdaráis; ní bheidh feidhm ag an díolúine sin i gcás ciona tráchta arna dhéanamh ag comhalta foirne ná i gcás damáiste arbh é ba chúis leis feithicil le duine den sórt sin nó a bhí á tiomáint ag duine den sórt sin;

(b) díolúine ó gach oibleagáid i ndáil le seirbhís mhíleata;

(c) dosháraitheacht le haghaidh a gcuid páipéar agus doiciméad oifigiúil uile;

(d) i dteannta daoine dá dteaghlaigh ar cuid dá líon tí iad, na heisceachtaí céanna i ndáil le bearta lena gcuirtear srian le hinimirce agus lena rialaítear clárú eachtrannach a thugtar de ghnáth do chomhaltaí foirne eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(e) na pribhléidí céanna i leith rialachán airgeadaíochta agus iomlaoide a thugtar de ghnáth do chomhaltaí foirne eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(f) i dteannta daoine dá dteaghlaigh ar cuid dá líon tí iad, na saoráidí céanna i ndáil le hathdhúichiú le linn géarchéime idirnáisiúnta a thugtar de ghnáth do chomhaltaí foirne eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(g) an ceart troscán agus earraí pearsanta a allmhairiú saor ó dhleacht tráth post a ghlacadh go ceann tréimhse aon bhliain amháin ar a laghad sa Stát lena mbaineann agus an ceart, ar fhoirceannadh a gcuid feidhmeanna sa Stát sin, troscán agus earraí pearsanta a onnmhairiú saor ó dhleacht, faoi réir, sa dá chás, na gcoinníollacha a mheasann Rialtas an Stáit, ar ina chríoch a fheidhmítear an ceart, is gá, agus é sin gan maoin a áireamh a fuarthas sa Stát sin agus atá faoi réir toirmisc ar onnmhairiú ansin.

## AIRTEAGAL 14

Maidir le saineolaithe nach comhaltaí foirne iad agus a chomhlíonann dualgais san Airmheán nó a dhéanann misiúin thar a cheann, beidh acu, agus iad ag comhlíonadh a ndualgas nó ar misiúin agus le linn aistear a dhéantar agus iad i mbun na ndualgas sin nó na misiún sin, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí seo a leanas, a mhéid a bhfuil gá leo chun a ndualgais a chomhlíonadh nó chun a misiúin a chur i gcrích:

(a) díolúine ó dhlínse, fiú amháin tar éis dóibh imeacht ó sheirbhís an Airmheáin, i ndáil le gníomhartha, ar a náirítear briathra a dúradh agus a scríobhadh, a rinne siad ina gcáil mar shaineolaithe agus laistigh de theorainneacha a núdaráis; ní bheidh feidhm ag an díolúine sin i gcás ciona tráchta arna dhéanamh ag saineolaí ná i gcás damáiste arbh é ba chúis leis feithicil le duine den sórt sin nó a bhí á tiomáint ag duine den sórt sin;

(b) dosháraitheacht le haghaidh a gcuid páipéar agus doiciméad oifigiúil uile;

(c) na saoráidí custam céanna ó thaobh a gcuid bagáiste phearsanta de agus na pribhléidí céanna ó thaobh rialachán airgeadra agus iomlaoide de a thugtar do dhaoine a chuirtear ar mhisiúin oifigiúla shealadacha ag Rialtais eachtrannacha.

AIRTEAGAL 15

1. Faoi réir na gcoinníollacha agus de réir an nóis imeachta arna leagan síos ag an gComhairle, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(2) den Choinbhinsiún laistigh de thréimhse aon bhliain amháin tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún, beidh comhaltaí foirne an Airmheáin, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear sa Phrótacal seo, faoi réir cánach chun tairbhe don Airmheán ar thuarastail, pá agus luach saothair arna níoc ag an Airmheán. Ón dáta a chuirtear an cháin sin chun feidhme, beidh na tuarastail, an pá agus an luach saothair sin faoi dhíolúine ó cháin ioncaim náisiúnta, ach beidh sé de cheart ag na Ballstáit an tuarastal, an pá agus an luach saothair sin a chur i gcuntas le linn dóibh méid an chánachais atá le cur i bhfeidhm ar ioncam as foinsí eile a mheasúnú.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le pinsin agus íocaíochtaí comhchosúla arna níoc ag an Airmheán.

AIRTEAGAL 16

Ní bheidh ceangal ar aon Bhallstát na pribhléidí, na díolúintí ná na saoráidí dá dtagraítear in Airteagal 12, Airteagal 13(b), (e), (f), agus (g) agus Airteagal 14(c) a thabhairt dá nionadaithe, dá náisiúnaigh ná do dhaoine a bhfuil buanchónaí orthu sa Stát sin, tráth a théann siad i mbun a gcuid dualgas san Airmheán.

AIRTEAGAL 17

Is í an Chomhairle, ag gníomhú di de réir an nóis imeachta arna leagan síos in Airteagal 6(3)(o) den Choinbhinsiún, a chinnfidh na hearnálacha foirne lena mbainfidh Airteagail 13 agus 15 go hiomlán nó go páirteach agus na hearnálacha saineolaithe lena mbainfidh Airteagal 14. Cuirfear ainmneacha, teidil agus seoltaí daoine atá ar áireamh sna hearnálacha sin chuig na Ballstáit ó am go chéile.

AIRTEAGAL 18

Má bhunaíonn an tAirmheán a scéim slándála sóisialta féin nó má théann sé isteach le scéim eagraíochta idirnáisiúnta eile faoi na coinníollacha arna leagan síos sna Rialacháin Foirne, beidh díolúine ag an Airmheán agus ag a chomhaltaí foirne ó gach ranníoc éigeantach le scéimeanna slándála sóisialta náisiúnta, faoi réir comhaontuithe atá le cur i gcrích chuige sin leis na Ballstáit lena mbaineann faoi na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 22.

AIRTEAGAL 19

1. Tugtar na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí dá bhforáiltear sa Phrótacal seo chun leasa an Airmheáin agus na mBallstát agus chuige sin amháin, agus ní ar mhaithe le tairbhe phearsanta na ndaoine ag a mbeidh siad.

2. Tá an ceart ag na húdaráis inniúla, agus tá an dualgas orthu, díolúine a tharscaoileadh i gcás go bhfuil an díolúine sin ag cur bac le cúrsa an cheartais agus i gcás gur féidir í a tharscaoileadh gan dochar a dhéanamh do na cuspóirí ar chucu a tugadh í.

3. Is iad na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 2

- na Ballstáit, i gcás a nionadaithe,
- an Chomhairle, i gcás an Ard-Stiúrthóra,
- an tArd-Stiúrthóir, i gcás na gcomhaltaí foirne eile agus na saineolaithe de réir bhrí Airteagal 14.

AIRTEAGAL 20

1. Comhoibreoidh an tAirmheán gach tráth le húdaráis inniúla na mBallstát d'fhonn riaradh cuí an cheartais a éascú, chun comhlíonadh a chinntiú ar rialacháin póilíní agus rialacháin a bhaineann le sláinte phoiblí agus le hiniúchadh saothair agus reachtaíocht dá samhail, agus chun aon mhíúsáid ar na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí dá bhforáiltear sa Phrótacal seo a chosc.

2. Féadfar na nósanna imeachta comhair a mhíniú sna comhaontuithe forlíontacha dá bhforáiltear in Airteagal 22.

AIRTEAGAL 21

Beidh forálacha an Phrótacail seo gan dochar do cheart gach Ballstáit gach beart réamhchúraim a dhéanamh is gá ar mhaithe lena shlándáil.

AIRTEAGAL 22

Féadfaidh an tAirmheán, ar bhreith de chuid na Comhairle, ag gníomhú di d'aon toil, comhaontuithe forlíontacha a chur i gcrích le haon Bhallstát chun an Prótacal seo a chur i ngníomh agus féadfaidh sé aon socruithe eile a dhéanamh chun reachtáil réidh an Airmheáin agus caomhnú a leasanna a chinntiú.

AIRTEAGAL 23

1. Beidh ceangal ar an Airmheán i ngach conradh scríofa, seachas conarthaí a cuireadh i gcrích de réir na Rialachán Foirne, a dtéann sé faoi agus a bhaineann le nithe a bhfuil díolúine aige iontu ó dhlínse, clásal eadrána a chur ar áireamh ann lenar gcuirfear aon díospóid a eascraíonn as léirmhíniú nó forghníomhú an chonartha chun eadrána, ar iarraidh a fháil ó cheachtar den dá pháirtí.

2. Beidh ceangal ar an Airmheán aon díospóid eile a eascraíonn as caillteanas nó damáiste do dhaoine nó do mhaoin, arb é an tAirmheán is cúis leis, a chur chun eadrána, ar iarraidh a fháil ón bpáirtí díobhálaithe, ar mhodh comhréitigh.

3. Sa chlásal eadrána nó sa chomhréiteach, sonrófar an modh chun na headránaithe agus an tríú headránaí a cheapadh, an dlí is infheidhme agus an tír ina suífidh na headránaithe. Is é nós imeachta na tíre nós imeachta na headrána.

4. Rialófar forfheidhmiú na dámhachtana eadrána leis na rialacha atá i bhfeidhm sa Stát ina bhfuil an dámhachtain le forfheidhmiú.

AIRTEAGAL 24

1. Féadfaidh aon Bhallstát aon díospóid a chur faoi bhráid an bhinse eadrána dá bhforáiltear in Airteagal 17 den Choinbhinsiún ar díospóid í

   - a eascraíonn as damáiste arb é an tAirmheán ba chúis leis;
   - a bhaineann le haon dliteanas neamhchonarthach eile de chuid an Airmheáin; nó
   - a bhaineann le comhalta foirne nó saineolaí de chuid an Airmheáin agus ar díospóid í inar féidir leis an duine atá i gceist díolúine a éileamh ó dhlínse faoi Airteagal 13 nó Airteagal 14, mura rud é go dtarscaoiltear an díolúine sin de réir Airteagal 19.

2. Má tá sé beartaithe ag Ballstát díospóid a chur chun eadrána, tabharfaidh sé fógra don Ard-Stiúrthóir faoin méid sin agus déanfaidh an tArd-Stiúrthóir gach ceann de na Ballstáit a chur ar an eolas faoin bhfógra sin láithreach bonn.

3. Ní bhainfidh an nós imeachta arna leagan síos i mír 1 le díospóidí idir an tAirmheán agus comhaltaí foirne i ndáil lena ndálaí seirbhíse.

4. Ní bheidh ábhar achomhairc ann i gcoinne dámhachtana de chuid an bhinse eadrána agus beidh sí críochnaitheach agus ina ceangal ar an dá pháirtí. i gcás díospóide a bhaineann le brí nó raon na dámhachtana, is faoin mbinse eadrána a bheidh sé í a léirmhíniú ar iarraidh a fháil ó cheachtar den dá pháirtí.

AIRTEAGAL 25

Chun críocha an Phrótacail seo

(a) folóidh "gníomhaíochtaí oifigiúla an Airmheáin" a riarachán agus a chuid gníomhaíochtaí arna seoladh de bhun a chuid cuspóirí arna míniú in Airteagal 2 den Choinbhinsiún;

(b) folóidh "comhaltaí foirne" Ard-Stiúrthóir an Airmheáin.

AIRTEAGAL 26

Déanfar an Prótacal seo a léirmhíniú i bhfianaise an phríomhchuspóra atá ann i dtaobh an tAirmheán a chumasú go hiomlán agus go héifeachtach chun a chuid cuspóirí a chomhlíonadh agus na feidhmeanna a chomhall a shanntar dó leis an gCoinbhinsiún.

SÍNIÚCHÁIN AN CHOINBHINSIÚIN AGUS AN PHRÓTACAIL

**ll**

| **An Stát** | **Dáta an tsíniúcháin** |
|---|---|
| An Ostair | 22 Eanáir 1974 |
| An Bheilg | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Danmhairg | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Fhionlainn | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Fhrainc | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Ghearmáin, Poblacht Chónaidhme | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Ghréig | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| Éire, Poblacht | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Iodáil | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Ísiltír | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Phortaingéil | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Spáinn | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An tSualainn | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Eilvéis | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Ríocht Aontaithe | 11 Deireadh Fómhair 1973 |
| An Iúgslaiv | 11 Deireadh Fómhair 1973 |